3 Listen to the result of a raffle.

– Tá dath dearg ar an ticéad.

*Pause*

– Agus an uimhir – céad nócha.

*Pause*

– Seo an duais – bosca milseán.

4 Peadar tells you about himself.

– Is mise Peadar. Tá mé i mo chónaí faoin tuath i dteach feirme.

*Pause*

– Tá peata agam. (Pause 2 seconds) Tá capall agam. (Pause 2 seconds) Tá sé donn agus bán agus Ludo an t-ainm atá air.

*Pause*

– Téim ag marcaíocht gach lá le mo chairde.

5 Aoife talks about her house.

– Dia duit, a Aoife. Cá bhfuil tú i do chónaí anois?

– Tá mé i mo chónaí i dTír Eoghain anois. Tá teach dhá urlár againn. Tá sé suite in aice leis an scoil.

*Pause*

– An maith leat do theach nua?

– Is maith liom mo theach mar tá sé iontach compordach.



www.StudentBounty.com

6 Listen to this announcement on television.

– Dia daoibh agus fáilte romhaibh. Is mise Áine Ní Néill. Inniu an Luan an seachtú lá de mhí Aibreáin.

*Pause*

– Seo an nuacht ar a haon a chlog, ó Bhaile Átha Cliath.

7 The following people are interviewed about their jobs. What does each person do?

– Is mise Gráinne Ní Mhurchú. Tá mé ag obair in oifig taobh amuigh de Dhoire. Oibrím cúig lá sa tseachtain. Is rúnaí mé.

*Pause*

– Is mise Dónall Ó Baoill. Tá mé ag obair le mo dheartháir. Tosaím ag obair ar a seacht a chlog gach maidin. Is tógálaí mé.

*Pause*

– Is mise Gearóid Mac Néill. Tá mé ag obair i mBéal Feirste. Is maith liom mo chuid oibre. Is fiaclóir mé.



www.StudentBounty.com

8 Listen to this phone call.

– Dia duit. An dtig liom cuidiú leat?

– Dia's Muire duit. Ba mhaith liom labhairt leis an bhainisteoir, le do thoil.

*Pause*

– Tá brón orm.  Níl sé istigh inniu. Tá sé tinn. An dtig liom féin cuidiú leat?

*Pause*

– Ba mhaith liom post. An bhfuil postanna samhraidh ar bith agaibh?

– Níl a fhios agam. Cuir scairt arís amárach. Beidh an bainisteoir anseo amárach.

– Go raibh maith agat. Slán go fóill.

9 Listen to Cormac at the table.

– A Mháire, cuir chugam an salann le do thoil.

– Seo duit, a Chormaic. Ar mhaith leat rud ar bith eile?

– Cuir chugam an piobar fosta le do thoil.

– Seo duit.

– Go raibh maith agat.

10 Listen to this health advice.

– Is mise Pól agus is dochtúir mé. (Pause 2 seconds) Bí sláintiúil. Ith glasraí agus torthaí gach lá.

*Pause*

– Ól dhá líotar uisce gach lá. Ná hól barraíocht alcóil. Níl sé maith duit.



www.StudentBounty.com

